# COMHAIRLE CONTAE AN CHLÁIR

# SCÉIM CHÚNAIMH FAOIN ACHT EALAÍON

# FOIRM IARRATAIS, 2011

**LIOSTA SEICEÁLA DON IARRATAS**
**APPLICATION CHECK LIST**

- ☐ Cur síos iomlán ar an ngíomhaíocht molta
- ☐ Sonraí faoi chéard go díreach a bheas an cúnamh deontais seo á úsáid lena haghaidh
- ☐ Meastachán faoi ioncam agus caiteachas don tionscadal
- ☐ Ráiteas suas chun dáta de na cuntais más ann dóibh
- ☐ CV agus samplaí de shaothar ealaíne más iarratas faoin gcuid a bhaineann le tacaíocht d'ealaíontóirí.
- ☐ I gcás iarratas gur éirigh leis tacaíocht ó Chomhairle Contae an Chláir a fháil roimhe seo, fianaise a léiríonn gur tugadh aitheantas don tacaíocht sin, is é sin lógónna ar phóstaeir srl.

**Spriocdháta le haghaidh iarratais:** **4i.n. 25 Feabhra, 2011** - ***Le haghaidh gach gníomhaíocht in 2011***

Ba cheart iarratas a chur chuig:
**An Oifig Ealaíon, Ceanncheathrú Leabharlann an Chontae, Bóthar an Mhuilinn, Inis, Co. an Chláir.**
Guthán: 065 6846267 Facs: 065 6842462
arts@clarelibrary.ie www.clarelibrary.ie/arts.htm

**Tá leagan Bearla den fhoirm seo ar fail**

---

*D'úsáid Oifige Amháin:*

| Uimh. Thagartha an iarratais: | Catagóir | Dáta a fuaireadh |
|---|---|---|
| | | |

# TREOIRLÍNTE IARRATAIS

**Léigh treoirlínte na Scéime leis seo go cúramach chun a fháil amach an bhfuil do thionscadal incháilithe le haghaidh cúnaimh faoin Scéim seo.**

1. San Acht Ealaíon, 2003, sainítear cúnamh ar "na healaíona" mar theilgean cruthaitheach nó léirmhíniúcháin (traidisiúnta nó comhaimseartha) is cuma cad é a fhoirm, agus áiritear, go háirithe na hamharcealaíona, amharclannaíocht, ceol, damhsa, ceoldrámaíocht, damhsa, sorcais, ailtireacht, agus áiritear aon mheán a úsáidtear chun na críche sin.
2. Úsáidtear an téarma 'ealaíontóir' d'éinne atá gníomhach i dteilgean ealaíne, mar shampla, ceoltóirí, damhsóirí, scríbhneoirí agus srl.
3. Tá 4 chatagóir de thacaíocht faoi go ndéanfar measúnú ar iarratas:
   - Tacaíocht Ealaíontóra/Ealaíontóirí – Tacaíocht d'ealaíontóirí aonair / tionscadail ealaíontóirí
   - **Tacaíocht Eagraíochtúil –** Tacaíocht ghníomhaíochta ghinearálta na heagraíochtaí ealaíon
   - **Na hEalaíona Traidisiúnta** – Tacaíocht a bhaineann leis na healaíona traidisiúnta, go sainiúil, mar shampla. ceol agus damhsa
   - **Cúnamh do Thionscadail agus Imeachtaí** – Tacaíocht d'imeachtaí aon uaire, nó eochair-imeachtaí sa Chontae.

   Coimeádann an Oifig Ealaíon de cheart acu féin measúnú a dhéanamh ar aon iarratas sa chatagóir a mheasfar is oiriúnaí.
4. Ní chuirfear cúnamh ar fáil ach amháin maidir le gníomhaíocht a spreagfadh, spéis phoiblí sna healaíona, agus a chuirfeadh eolais, tairbhe agus cleachtadh na healaíon chun cinn, nó a chuirfeadh feabhas ar chaighdeán na healaíon.
5. Ní féidir le hiarrathóirí ach iarratas a dhéanamh faoi Scéim an Achta Ealaíon nó faoi Scéim Deontais na Gaeilge, ní féidir iarratas a dhéanamh faoi dhó. Ba cheart go ndéanann scoileanna teagmháil le hOifig Ealaíon an Chontae sula gcuireann siad iarratas isteach chun a chinntiú an féidir leis an togra a chur san áireamh sna Scéimeanna um Oideachas Ealaíon.
6. Níl cúnamh ar fáil d'ealaíontóirí do thaispeántais i bhForhalla Mhúsaem an Chláir (Saibhreas an Chláir) nó sa Ghailearaí i Leabharlann DeValera, in Inis. Níl cúnamh ar fáil chun ranganna ealaíon a sholáthar. Níl imeachtaí carthanachta incháilite le haghaidh cúnaimh.
7. Caithfidh an t-eagarthóir nó an eagraíocht a bheith lonnaithe i gContae an Chláir, agus caithfidh siad bheith in ann cuntas teiste cruthaithe nó cáilíochtaí proifisiúnta i leith a bheith ag obair sna healaíona, a thaispeáint.
8. Is é €1,000 an t-uasmhéid deontais atá ar fáil. Caithfidh iarrthóirí a lua go sonrach an méid airgid atá á iarradh acu nó beidh an t-iarratas ar neamhní.
9. Is maidir le gníomhaíochtaí ar leith agus ní i dtreo íocaíocht fiacha, atá ann cheana féin, a dhéanfar deontas a bhronnadh.
10. Chomh maith leis an eolas thuasluaite, ba cheart sonraí no eolas breise a éilíonn an Chomhairle a bheith riachtanach chun iarratas a mheas a bheith curtha faoi iamh na hiarratais.
11. Is féidir leis an gComhairle athbhreithniú a dhéanamh ar na treoilínte seo, ag aon am, ach ní bheidh na hathbhreithnithe seo chun dochair d'iarratais a fhaightear roimh na hathbhreithnithe seo.
12. Tuigtear má éiríonn le hiarratas go dtabharfaidh an t-eagarthóir nó an eagraíocht creidiint do Chomhairle Contae an Chláir ar gach foilseachán agus / nó agallaimh sna meáin. D'fhéadfaí, má theiptear creidiúint a thabhairt do Chomhairle Contae an Chláir, dochar a dhéanamh d'iarratais sa todhchaí.
13. Ba cheart iarratais le haghaidh cúnaimh a sheoladh go dtí: An tOifigeach Ealaíon, Ceanncheathrú Leabharlann Chontae an Chláir
14. Is é an 25 Feabhra, 2011 an spriocdháta i gcomhair iarratais don Scéim Chúnaimh faoin Acht Ealaíon. Ní ghlacafar le hiarratais dhéanach.

## EOLAS GINEARÁLTA

**(Le comhlánú ag gach iarrthóir)**

1. Ainm an Iarrthóra:

2. **Ainm an Teagmhálaithe:**______________________________________________

3. **Seoladh**
_________________________________________________________________

_________________________________________________________________

_________________________________________________________________

4. **Uimhir Ghutháin:** ____________________________________________________

5. **Ríomhphost:** _______________________________________________________

**6a. Cé mhéad ball atá san eagraíocht (más cuí):**

**6b. Luaigh cineál na heagraíocht** *(Cuir tic le do thoil)*

Tráchtáil		Ní dhéanann brabús

**7. Luaigh an bhfuil tú rannpháirteach i ngníomhaíochtaí gairmiúla.** ***(Cuir tic sa bhosca)***

Duine Gairmiúil		Leath-ghairmiúil
Amaitéarach

**8. Catagóir (cuir tic leis an gceann a bhfuil tú ag déanamh iarratais lena haghaidh)**
(Coimeádann an Oifig Ealaíon de cheart acu féin measúnú a dhéanamh ar aon iarratas sa chatagóir a mheasfar is oiriúnaí)

Tacaíocht Ealaíontóra/Ealaíontóirí
Cúnamh do Thionscadail agus Imeachtaí
Na hEalaíona Traidisiúnta (Ceol Traidisiúnta, Damhnsa agus srl)
Tacaíocht Eagraíochta

**9. Luaigh an méid airgid atá á lorg agat:** ___________________________

10. **Luaigh má tá deontais nó cúnaimh eile faighte nó iarrtha ó aon fhoinse eile don imeacht / gníomhaíocht.**

D’úsáidfinn		Ní úsáidfinn

**Má tá, luaigh, le do thoil, an méid á iarradh / fuarthas agus a fhoinse.**

_________________________________________________________________

**EOLAS SONRAITHE ATÁ RIACHTANACH**

**(Ná freagair acha mháin na ceisteanna a bhaineann le d'iarratas)**

1. **Foirm Ealaíne (mar shampla Ceol, Dráma,):**
   _______________________________________________

2. **Luaigh an ghné sin de do chuig gníomhaíochtaí bainteach le d'iarratas ar chúnamh:**

   _______________________________________________
   _______________________________________________
   _______________________________________________
   _______________________________________________
   _______________________________________________
   _______________________________________________

3. **Luaigh, más cuí, cén áit agus cén uair a tharlóidh an ghníomhaíocht seo:**

   _______________________________________________

4. **Luaigh, más cuí, an méid daoine a bheidh rannpháirteach sa ghníomhaíocht**

   _______________________________________________

5. **Tabhair buille faoi thuairim, más cuí, den líon lucht éisteachta / féachana:**

   _______________________________________________

---

**DEARBHÚ:**

- Dearbhaím go bhfuil an t-eolas réamhluaite cruinn.
- Tá a fhios agam foin threoirlínte na Comhairle maidr leis an Scéim Chúnaimh faoin Acht Ealaíon, agus tá na doiciméid riachtanacha faoi iamh agam.
- Tuigim gur coinníoll riachtanach de chuid an iarratais seo go gcaithfidh mé, má éiríonn liom, cuntas admhálacha agus íocaíochtaí a chur ar ais nuair atá an tionscadal / tionscnamh curtha i gcrích, agus go gcaithfear creidiúint a thabhairt do Chomhairle Contae an Chláir as ucht cúnamh a thabhairt don tionscadal / tionscnamh.
- Tuigim nach ndéanfar aon íocaíocht de ghnáth go dtí go dtarlóidh an t-imeacht agus go dtí go mbeidh cuntas admhálacha agus íocaíochtaí faighte chomh maith le cruthú gur tugadh creidiúint do Chomhairle Contae an Chláir as an gcúnamh a tugadh.

**Signed**
**Sínithe:** _______________________ **Date**
**Dáta:** __________

---

**Cuir san áireamh aon eolas breise gur mhian leat, le do thoil.**